Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14374/21**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0381(COD)**

**AG 108**
**INST 421**
**PE 113**
**DATAPROTECT 271**
**CODEC 1553**
**FREMP 275**
**CONSOM 274**
**TELECOM 441**
**AUDIO 112**
**MI 899**
**DISINFO 41**
**COMPET 872**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 356 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 356 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 356 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
SWD(2021) 356 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla**

{COM(2021) 731 final} - {SEC(2021) 575 final} - {SWD(2021) 355 final}

GA GA

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

Measúnú tionchair ar an tionscnamh maidir le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla

**A. An gá atá le beart**

**Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?**

Cuireann fógraíocht pholaitiúil teachtaireachtaí in iúl do vótálaithe trí réimse meán, idir na meáin chlóite, an teilifís agus na meáin shóisialta. Úsáidtear í i bhfeachtais pholaitiúla agus ar bhonn níos ginearálta chun tuairimí an phobail a mhúnlú agus chun cur leis an dioscúrsa maidir le hábhair lena mbaineann tábhacht shochaíocha. Déantar í a rialáil go sonrach chun saorthoghcháin chóra a áirithiú. Is gné thábhachtach de na rialacha atá ann faoi láthair é go bhféachann siad lena áirithiú go n-úsáidtear fógraíocht pholaitiúil go trédhearcach, ionas gur féidir le saoránaigh fógraí a aithint agus gur féidir iad siúd a dhéanann iad a shuíomh a thabhairt chun cuntais. Is chun leas dlisteanach an phobail é an méid sin a chosaint, amhail cothroime, comhdheiseanna agus trédhearcacht sa phróiseas toghcháin agus an ceart bunúsach chun bheith ar an eolas ar bhealach oibiachtúil trédhearcach agus iolraíoch. Cuireann rialacha náisiúnta oibleagáidí ar ghníomhairí polaitiúla agus ar na cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí fógraíochta polaitiúla. Go traidisiúnta, dhírigh na rialacha sin ar na meáin 'as líne' (nuachtáin, craoltóirí, etc.) ach tá an fhógraíocht ar líne i ndiaidh éirí níos coitianta toisc gur féidir í a scaipeadh ar bhealach níos solúbtha agus a spriocdhíriú ar phobail an-sonrach. Baineann dúshláin nua leis an bhfógraíocht ar líne, go háirithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le trédhearcacht, cuntasacht agus spriocdhíriú ionramhálach.

Tá reachtaíocht atá ábhartha maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil ag gach Ballstát, rud a fhágann go bhfuil meascán ilroinnte de rialacha náisiúnta ann ó thaobh substainte, raon feidhme, cur chun feidhme agus forfheidhmithe de, rialacha a chruthaíonn oibleagáidí le haghaidh soláthraithe seirbhíse, agus a bhfuil feidhm éagsúil acu ar fud na mBallstát, ag brath ar an meán a úsáidtear chun an fhógraíocht a scaipeadh. Baineann sé sin go háirithe leis na sainmhínithe agus na ceanglais trédhearcachta ábhartha, a dhéanann difear d'inneachar na bhfógraí. Toisc go bhfuil sé beartaithe ag roinnt Ballstát reachtaíocht nua a thabhairt isteach chun na meáin nua ar líne a chumhdach, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar an ilroinnt sin. Tá an comhthéacs dlíthiúil casta sin ina chúis le costais agus dúshláin, rud a chruthaíonn bacainní roimh an bhfógraíocht pholaitiúil mar sheirbhís trasteorann sa mhargadh inmheánach freisin, agus bíonn tionchar díreach aige sin ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Úsáidtear sonraí pearsanta chun teachtaireachtaí polaitiúla a spriocdhíriú ar shaoránaigh trí fhógraí a dhíriú ar ghrúpaí agus an t-inneachar a oiriúnú dóibh. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun na gcríoch sin, go háirithe sonraí a mheastar a bheith íogair faoi RGCS, agus maidir le spriocdhíriú ar ghrúpaí atá sách beag chun go bhféadfaí teachtaireachtaí polaitiúla oiriúnaithe a sholáthar go neamh-thrédhearcach dóibh, tá éifeachtaí diúltacha sonracha suntasacha ag an bpróiseáil agus ag an spriocdhíriú sin ar na cearta faoi chosaint atá ag na saoránaigh. Tá iarracht déanta ag roinnt Ballstát idirghabháil a dhéanamh, nó tá siad ag smaoineamh ar idirghabháil a dhéanamh, i ndáil le spriocdhíriú, ach bhain deacrachtaí leis na bearta sin.

Déanann na saincheisteanna sin difear do phróisis dhaonlathacha agus don fheachtasaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh freisin, lena n-áirítear an fheachtasaíocht a dhéanann páirtithe polaitiúla Eorpacha (PPAEnna). Ní rialaítear le creat dlíthiúil an Aontais le haghaidh PPAEnna úsáid na fógraíochta polaitiúla, agus is féidir le hilroinnt agus éiginnteacht bac a chur ar chumas PPAEnna feachtais a reáchtáil ar fud an Aontais.

Déantar anailís sa mheasúnú tionchair seo ar na bunfhadhbanna a bhaineann le fógraí polaitiúla agus a gcúiseanna, de réir trí pheirspictíocht:

**1.** Maidir le gníomhairí eacnamaíocha ar mian leo feachtais ilmheánacha agus/nó feachtais i roinnt Ballstát a reáchtáil, tá bacainní suntasacha agus costais bhreise rompu, de thoradh na ndifríochtaí sa rialáil trédhearcachta idir na Ballstáit agus idir comhthéacsanna ar líne agus comhthéacsanna as líne. Baineann

roinnt gníomhairí polaitiúla agus eacnamaíocha leas as an staid sin chun dul timpeall ar rialacha. Brúnn an staid sin sciar mhór d'fhógraí polaitiúla ar líne freisin.

**2.** Ídíonn an staid sin cumas na rialacha náisiúnta maidir le fógraí polaitiúla próisis dhaonlathacha agus cearta bunúsacha a chosaint. Le spriocdhíriú fógraí polaitiúla ar líne, agus teicnící eile ionramhálacha, cruthaítear fadhbanna breise.

**3.** Tá easpa trédhearcachta ann maidir le fógraí polaitiúla a urraíonn PPAEnna agus iad i mbun feachtasaíochta ar fud an Aontais ar shaincheisteanna an Aontais.

**Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Is iad seo a leanas na cuspóirí ginearálta: (1) soláthar seirbhísí fógraíochta polaitiúla agus seirbhísí gaolmhara sa mhargadh inmheánach a éascú agus tacú le próisis chóra dhaonlathacha bunaithe ar ardchaighdeáin chomhchuibhithe trédhearcachta agus úsáid dhleathach na dteicnící spriocdhírithe an tráth céanna; (2) foráil a dhéanamh maidir le hardchaighdeáin trédhearcachta le haghaidh páirtithe polaitiúla san Aontas d'fhonn tacú le saorthoghcháin chóra.

Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha: (a) ilroinnt dhlíthiúil a laghdú, bacainní a bhaint agus costais a laghdú le haghaidh seirbhísí trasteorann, (b) ardcheanglais trédhearcachta a shainiú le haghaidh fógraí polaitiúla (lena n-áirítear fógraí a dhíríonn ar shaincheisteanna), (c) aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha maidir le cosaint sonraí a thagann chun cinn i ngeall ar úsáid teicnící áirithe spriocdhírithe agus aimpliúcháin, (d) formhaoirseacht éifeachtach ar na hoibleagáidí beartaithe a áirithiú agus na torthaí rialála a neartú, (e) trédhearcacht níos láidre agus saorthoghcháin chóra a chur chun cinn trí chomhlíonadh rialacha ag páirtithe polaitiúla san Aontas. Ach na cuspóirí sin a bhaint amach, méadófar an tseasmhacht i gcoinne ionramháil faisnéise agus trasnaíocht eachtrach.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

Is fearr aghaidh a tabhairt ar an tsaincheist seo ar leibhéal an Aontais Eorpaigh toisc nach féidir le Ballstáit aonair dul i ngleic le hilroinnt an mhargaidh ná aghaidh a thabhairt ar ghné thrasteorann na bhfadhbanna a sainaithníodh. Tá reachtaíocht glactha ag roinnt Ballstáit maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla, sin nó tá sí á breithniú. Dá bhrí sin, tiocfaidh méadú ar an ilroinnt, rud a chuireann an ceart chun saoirse bunaíochta agus chun seirbhísí a sholáthar ar fud an Aontais i mbaol, agus nach mbaineann aidhmeanna beartaithe na rialachán amach. Le caighdeáin ar fud an Aontais maidir le fógraí polaitiúla agus seirbhísí gaolmhara, bheadh deimhneacht dhlíthiúil ann, chuirfí deireadh le costais chomhlíontachta a bhaineann le seirbhísí trasteorann a chur ar fáil agus laghdófaí rioscaí neamhchomhlíontachta. Mhaolódh sé sin dreasachtaí do ghníomhairí eacnamaíocha an margadh inmheánach a dheighilt agus dhreasódh sé iad chun seirbhísí fógraí polaitiúla trasteorann comhlíontacha a sholáthar, mar aon le seirbhísí nua a fhorbairt. Os a choinne sin, tá éifeachtaí na reachtaíochta ar an leibhéal náisiúnta amháin teoranta do Bhallstát aonair. Tá baol ann go dtiocfaí timpeall orthu nó nach dtuigfeadh soláthraithe seirbhíse ó Bhallstáit eile iad. Ní thabharfaidís aghaidh ar na fadhbanna ar fud an Aontais a sainaithníodh thuas agus d'fhéadfaidís cur leo fiú. Thairis sin, cruthaíonn gné thrasteorann na ngníomhaíochtaí, go háirithe sa timpeallacht ar líne, dúshláin shuntasacha maidir leis an trédhearcacht agus maidir le spriocdhíriú, ar dhúshláin iad nach mbeadh rialachán náisiúnta amháin sa réimse seo in ann aghaidh a thabhairt orthu. Déantar cosaint sonraí a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ba cheart bearta breise a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, ní fhéadfadh ach an tAontas bearta ar fud an Aontais a chur ar fáil maidir le fógraíocht pholaitiúil PPAE: leis sin áiritheofaí nach gcuirfeadh reachtaíocht náisiúnta bac ar a bhfeachtais san Aontas.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth?**

**Áirítear ar na roghanna a bhaineann le gníomhairí eacnamaíocha sa *mhargadh inmheánach*:**

1.1 **Bearta ceangailteacha teoranta** chun sainmhínithe áirithe a ailíniú agus foráil a dhéanamh maidir le coinneáil faisnéise, maille le bearta boga agus caighdeáin chun an trédhearcacht a chur chun cinn in úsáid na bhfógraí polaitiúla ar líne agus as líne agus chun tacú le hidirghabhálacha breise, lena n-áirítear féinrialáil. Cumhdaítear le bearta boga úsáid na dteicnící spriocdhírithe freisin.
1.2. **Bearta ceangailteacha** chun ceanglais trédhearcachta a chomhchuibhiú le haghaidh fógraí polaitiúla a bhfuil bearta boga agus caighdeáin ag gabháil leo. Tugann na bearta ceangailteacha aghaidh ar úsáid teicnící spriocdhírithe i bhfógraí polaitiúla freisin.
**Áirítear ar na roghanna a dhírítear ar *pháirtithe polaitiúla*:**
2.1. **Bearta ceangailteacha teoranta** chun an creat atá ann faoi láthair maidir le PPAEnna a oiriúnú d'fhonn oibleagáid a chur ar pháirtithe tacú le húsáid thrédhearcach na bhfógraí polaitiúla; agus
2.2 **An creat atá ann faoi láthair a leathnú** chun oibleagáidí comhlántacha a chur ar PPAEnna trédhearcacht fhiúntach a chur ar fáil maidir le húsáid na bhfógraí polaitiúla. An tÚdarás um PPAEnna a chumhachtú go hiomchuí le tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíontacht.
I gcás 2.1 agus 2.2 araon, bheadh feidhm ag bearta boga maidir le páirtithe polaitiúla náisiúnta, agus dhíreofaí moltaí ar na Ballstáit chun caighdeáin choibhéiseacha a thabhairt isteach le haghaidh na ngníomhairí polaitiúla go léir.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

- Tá éileamh ginearálta ann ar shainmhíniú aonfhoirmeach ar céard is fógraíocht pholaitiúil ann.
- Tá tacaíocht fhorleathan ann do ghníomhaíocht an Aontais, go háirithe do bhearta trédhearcachta chun a áirithiú (i) gur leor an fhaisnéis a chuirtear ar fáil maidir le fógraí polaitiúla – chun gur féidir feachtais a leanúint ó ardán go chéile agus ó mheáin go chéile – agus (ii) go gcoinneofaí faisnéis agus go gcuirfí ar fáil don phobal í.
- Tá tacaíocht ann do chosc ar fhógraí polaitiúla spriocdhírithe, nó gan iad a cheadú ach i gcás ina dtugann úsáideoirí a dtoiliú sainráite.
- Is gá rialáil na bhfógraí as líne (atá rialaithe go fairsing) agus ar líne (nach bhfuil rialaithe ach ar bhealach teoranta nó nach bhfuil rialaithe ar chor ar bith) a athchothromú.
- Tacaíonn na Ballstáit i gcoitinne freisin le féidearthachtaí formhaoirseachta níos éifeachtaí (as líne agus ar líne) chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais neamhthrédhearcacha a bhaineann le fógraí polaitiúla.

**C. Tionchar na rogha tosaíochta**

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Meastar go mbeidh éifeacht dhearfach ag an rogha thosaíochta ar an mbunlíne trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus na costais a bhaineann le hilroinnt rialála a bhaint.
- níos mó trédhearcachta a thabhairt isteach i gcás an spriocdhírithe, agus tionchair dhearfacha aige sin ar chearta bunúsacha.
- bunús soiléir a sholáthar maidir le formhaoirseacht, agus ar an gcaoi sin é a chur ar a gcumas do na húdaráis náisiúnta an fhaisnéis is gá chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fhógraí polaitiúla a iarraidh, sin agus comhoibriú san imscrúdú agus san fhorfheidhmiú.
- an trédhearcacht sna próisis dhaonlathacha a mhéadú, chomh maith le cosaint ar an ionramháil trí theicnící spriocdhírithe.
- maidir le maoirseacht ghníomhach ar an bhfeachtasaíocht pholaitiúil a bhaineann le toghcháin san Aontais, bheadh nochtuithe gníomhacha tráthúla ag PPAEnna ag teastáil ina leith freisin, agus threiseodh sí ról agus acmhainní an Údaráis chun formhaoirseacht a áirithiú.

| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
|---|
| **Gníomhairí eacnamaíocha** – costais chomhlíontachta chun oibleagáidí a chur chun feidhme maidir le trédhearcacht agus formhaoirseacht (idir costais oiriúnúcháin aonuaire agus costais chomhlíontachta leanúnacha araon). Ba cheart na costais foriomlána le haghaidh soláthraithe seirbhíse a bheith ní b'ísle ná an bhunlíne áfach, toisc go mbíonn gnóthachain éifeachtúlachta ann mar thoradh ar ilroinnt laghdaithe.<br>**Údaráis náisiúnta agus an tÚdarás um PPAEnna** – costais aonuaire i ndáil le hoiliúint agus inniúlacht ar oiriúnú agus ar an leas is fearr a bhaint as na deiseanna nua le haghaidh rialáil níos éifeachtaí. An costas a bhaineann le stór PPAE a sholáthar. É fritháirithe le gnóthachain éifeachtúlachta, rochtain níos fearr ar fhaisnéis agus comhordú níos fearr ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.<br>**PPAEnna** – costais áirithe i ndáil le nochtuithe ar ardán coiteann lena stóráiltear fógraí, iad fritháirithe in aghaidh deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe agus costais feachtas uile-Aontais níos ísle. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Cuideoidh na ceanglais nua le FBManna a seirbhísí fógraíochta polaitiúla a mhéadú thar theorainneacha sa mhargadh inmheánach. Bheadh mionchostais aonuaire i gceist lena gcórais faisnéise a oiriúnú chun an oibleagáid éighníomhach a chomhlíonadh maidir le faisnéis a bhaineann le fógraí polaitiúla a choinneáil. Dhéanfaí na costais sin a fhritháireamh leis na coigiltí a chruthófaí i ngeall ar rialacha ní ba chomhsheasmhaí ar fud an Aontais. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Costais aonuaire a bhainfidh le hoiliúint a chur ar fhoirne riaracháin agus costais athfhillteacha a bhainfidh le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú. Ba cheart iad a fhritháireamh le coigiltí éifeachtúlachta i ngeall ar oibleagáidí comhchuibhithe agus an próiseas formhaoirseachta atá cuíchóirithe agus neartaithe. Mar sin féin, is beag forfheidhmiú a dhéantar faoi láthair. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Toisc níos mó cuntasachta a bheith ar ghníomhairí polaitiúla, spreagfaí cultúr na feachtasaíochta oscailte macánta agus ba cheart go gcuideodh sé sin le muinín an phobail as úsáid fógraíochta polaitiúla, agus as an dioscúrsa polaitiúil poiblí agus as iontaofacht an phróisis toghcháin i gcoitinne, a athchothú. |
| **Comhréireacht?** |
| Tá na bearta atá beartaithe comhréireach leis na cuspóirí atá sainithe (féach ar an mbosca maidir le coimhdeacht thuas). |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Laistigh de 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe. |